

Próiseas Athbhreithnithe Eisceachtúil um Leithdháiltí CRS i Ranganna Príomhshrutha i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna do 2021/22

12 Bealtaine 2021

Uimh. Tag: NCSE 03/2021

Aidhm

Is é aidhm na cáipéise seo an próiseas athbhreithnithe eisceachtúil do CRSanna i ranganna príomhshrutha i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna don scoilbhliain 2021/22 a leagan amach do scoileanna mar atá leagtha amach i gCiorclán na Roinne Oideachais 0029/2021.

Athbhreithniú Eisceachtúil ar Leithdháileadh CRS Príomhshrutha 2021/ 22

Bunús le hlarratas ar Athbhreithniú Eisceachtúil a chur isteach

Coinneofar na leithdháiltí CRS d'fhormhór na ranganna príomhshrutha bunscoile agus iar-bhunscoile ag a leibhéal reatha don scoilbhliain 2021/22 ó dháta Chiorclán na Roinne Oideachais 0029/2021. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh cúinsí eisceachtúla i do scoil. Ina leithéid de chás, déanann an Roinn Oideachais foráil do scoil iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú eisceachtúil.

Imthosca eisceachtúil is ea teaghais gan choinne, neamhghnách nó thobann, nach bhfuil faoi smacht na scoile, a raibh tionchar suntasach aici ar riachtanais chúraim phríomhúil sa scoil, agus mar thoradh air sin níl tascanna cúraim phríomhúil á gcomhlíonadh ag an leithdháileadh CRS atá ann cheana. Mar shampla, b'fhéidir nach bhfuil aon phost CRS ag do scoil faoi láthair agus tá dalta nua-chláráithe agat a bhfuil riachtanais shuntasacha cúraim phríomhúil aige/aici. D'fhéadfadh gur scoil i mbéal forbartha í do scoil agus go bhfuil líon méadaithe suntasach daltaí aici a bhfuil riachtanais chúraim phríomhúil acu. B'fhéidir go bhfuil poist CRS i do scoil ach tá imthosca eisceachtúil tagtha chun cinn m.sh. iontógáil líon díréireach daltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha cúraim phríomhúil acu.

Critéar chun a chinneadh an bhféadfadh go mbeadh gá le poist SNA bhreise

Tá riachtanais shuntasacha cúraim phríomhúil gan chomhlíonadh laistigh de dhaonra iomlán scoile nach féidir a chomhlíonadh seachas trí leithdháiltí CRS breise.

Na céimeanna is gá sula ndéanann tú iarratas

Sula ndéanfaidh sí iarratas ní foláir do scoil na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích:

- Rinneadh athbhreithniú iomlán ar na riachtanais CRS do riachtanais chúraim phríomhúil reatha gach dalta sa scoil agus rinneadh an acmhainn CRS a ath-implonú go héifeachtach ag tosú le tacú le daltaí a bhfuil na riachtanais chúraim phríomhúil is suntasaí acu;

- Athbhreithniú iomlán ar an bhféidearthacht oiriúnuithe ar thimpeallacht na scoile agus/nó teicneolaíocht chúnta a úsáid agus/nó breisoiliúint a chur ar bhail foirne agus/nó straitéisí malartacha chun na tacaíochtaí atá ann cheana a mhéadú;
- A bheith in ann a thaispeáint, in ainneoin gach idirghabhála agus straitéise a cuireadh i bhfeidhm chun tacú le riachtanais chúraim phríomhúil le linn tréimhse ama réasúnta, go bhfuil riachtanais chúraim phríomhúil iarmharach fós gan chomhlíonadh;
- Buailleadh le ERSO na scoile agus le baill foirne ábhartha eile an NCSE chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhearta arna nglacadh agus chun a fháil amach an bhfuil bearta féideartha eile ann a d'fhéadfadh an scoil a mheas.

Nós Imeachta Iarratais 2021

D'iarr comhlachtaí bainistíochta scoile ar an NCSE athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas athbhreithnithe eisceachtúil na bliana seo caite chun a aimsiú an bhféadfaí é a shimpliú chun an t-ualach oibre riaracháin ar scoileanna a laghdú. Thug an NCSE faoi deara gur chuir roinnt scoileanna cáipéisí an-fhada isteach anuraidh nach raibh ag teastáil ag céim an iarratais.

I mbliana, bhog an NCSE chuig próiseas iarratais ar líne ag baint úsáide as an Tairseach Scoileanna NCSE atá ann cheana <https://ncse.ie/school-support> a bhfuil scoileanna eolach air. Is í an tairseach a úsáideann scoileanna faoi láthair chun iarratas a dhéanamh ar raon tacaíochtaí NCSE lena n-áirítear tacaíocht inscoile don fhoireann go léir, do ghrúpaí agus do mhúinteoirí aonair, maoiniú do mhúinteoirí chun freastal ar chúrsaí ceadaithe um fhorbairt ghairmiúil múinteora, agus tá sé leathnaithe anois chuig iarratais ar athbhreithniú ar Leithdháiltí CRS bunaithe ar chúinsí eisceachtúla.

Toisc nach bhfuil a gcuntas tairsí tacaíochta scoile NCSE gníomhaithe ag gach scoil, seolfaidh an NCSE nasc gníomhachtaí nua chuig na scoileanna sin nach bhfuil a gcuntas NCSE curtha i ngníomh cheana féin faoi **14 Bealtaine 2021**. Cuimseofar sa ríomhphost sin treoir freisin maidir le conas ticéad tacaíochta nua a ardú, is é sin an mheicníocht chun iarratais a chur isteach chuig an NCSE.

Próiseáil na nIarratas

Tabharfar tús áite d'iarratais don scoilbhliain 2021/2022 a mheas. Tabharfar tosaíocht go háirithe d'iarratais ó scoileanna gan CRS acu agus ó scoileanna atá ag forbairt agus déanfar cinntí roimh 30 Meitheamh 2021. Pléifear le hiarratais eile de réir ord an dáta.

Déanfaidh NCSE athbhreithniú ar riachtanais chúraim phríomhúil fhoriomlána na ndaltaí atá cláraithe do 2021/22 agus iomláine na n-acmhainní atá ar fáil do scoil, lena n-áirítear acmhainní CRS, agus measfaidh sé an bhfuil dóthain acmhainní ar fáil don scoil.

Breithneoidh NCSE an méid seo a leanas mar chuid den athbhreithniú seo:

- Leibhéal foriomlán na riachtanas cúraim phríomhúil sa scoil agus na hacmhainní CRS reatha a leithdháiltear ar an scoil;
- Cúiseanna a thuiriscíonn bainistíocht scoile nach leor an leithdháileadh reatha chun freastal ar riachtanais chúraim phríomhúil na ndaltaí;

- An chaoi a ndéanann bainistíocht scoile pleanáil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais chúraim phríomhúil acu, agus acmhainní á n-ath-implonnú lena chinntiú go bhfaigheann daltaí a bhfuil an leibhéal riachtanas is mó acu an leibhéal tacaíochta is mó. Áireofar leis seo athbhreithniú ar na céimeanna a ghlac an scoil chun athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais CRS do riachtanais chúraim phríomhúil reatha gach dalta agus chun na hacmhainní atá ann cheana a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí;
- An chaoi ar bhain an scoil an leas is mó as an bhféidearthacht oiriúnuithe ar thimpeallacht na scoile agus/nó teicneolaíocht chúnata a úsáid agus/nó breisoiliúint a chur ar bhail foirne agus/nó straitéisí malartacha chun na tacaíochtaí atá ann cheana a mhéadú;
- Nuair is gá, tabharfaidh an NCSE cuairt ar an scoil chun an méid thuas a mheas;
- Féadfaidh ERSOanna cáipéisíocht tacaíochta a iarraidh ar scoil ar nós Pleananna Dalta Pearsanta (PDPanna), Comhaid Tacaíochta do Dhaltaí, agus cáipéisí ábhartha eile maidir le riachtanais chúraim phríomhúil na ndaltaí. **De réir GDPR, iarrtar ar scoileanna gan aon cháipéisíocht a chur isteach go dtí go n-iarrann ERSO orthu a dhéanamh amhlaidh.**

Toradh na nAthbhreithnithe Eisceachtúla

Beidh toradh na n-athbhreithnithe eisceachtúla curtha in ionad an leithdháilte a bhí ann roimhe seo. Cuirfear toradh na n-athbhreithnithe in iúl do scoileanna trí ríomhphost. D'fhéadfadh na torthaí a bheith mar seo a leanas:

- Coigeartú ar an leithdháileadh atá ann cheana don scoil, bunaithe ar easnamh aitheanta CRS;
Nó
- Níor léirigh an scoil an gá atá le hacmhainní breise CRS ag an am seo.

Athbhreithniú tar éis Mhí Mheán Fómhair

Éileoidh NCSE deimhniú go bhfreastalóidh daltaí i Meán Fómhair 2021 ar dhaltaí iad ar shainithin na scoileanna go bhfuil riachtanais chúraim phríomhúil acu, mar chuid de phróiseas athbhreithnithe eisceachtúil, ar leithdháileadh acmhainní breise CRS ar an scoil ina leith. Nuair a fhaightear amach nach bhfuil iontrálaithe nua den sórt sin cláraithe, tabharfar faoi athbhreithniú ar leithdháileadh CRS foriomlán na scoile agus féadfar acmhainní breise CRS arna ndeonú mar chuid den athbhreithniú eisceachtúil a tharraingt siar. Ní theastóidh aon dearbhú maidir le daltaí nua-chláraithe a sainithníodh go bhfuil riachtanais chúraim phríomhúil acu ó scoileanna nár chuir isteach ar athbhreithniú eisceachtúil.

Achomharc ar thoradh an Athbhreithnithe Eisceachtúil

Sa chás go bhfuil scoil míshásta leis an gcaoi ar próiseáladh a hathbhreithniú eisceachtúil nó má tá sí míshásta le toradh a hathbhreithnithe eisceachtúil, is féidir leo achomharc a dhéanamh. Is féidir iarratais ar Achomharc a chur isteach trí Thairseach Scoileanna NCSE: <https://ncse.ie/school-support>. Foilseofar Treoirínte Achomhairc anseo: <https://ncse.ie/irish-versions-of-guidelines-and-application-forms>.

Leithdháileadh na bPost CRS

Leithdháilfear poist CRS mar thoradh ar athbhreithniú eisceachtúil mar a leanas - 0.5 post, post lánaimseartha nó post naíonán méadaithe go post iomlán. Leanfaidh poist naíonán de bheith an t-aon phost a leithdháilfear ar scoileanna naíonán.

Treoir maidir le Comhlánú na Foirme Iarratais ar Athbhreithniú Eisceachtúil

Cuid 1

Tabhair sonraí le do thoil faoin imthoisc eisceachtúil atá tagtha chun cinn sa scoil. Mínígh go sainráite le do thoil conas a chuaigh sé seo i bhfeidhm ar chumas na scoile aghaidh a thabhairt ar riachtanais chúraim phríomhúil na ndaltaí.

Ba chóir do scoileanna a thabhairt faoi deara gurb é imthosca eisceachtúil imthosca atá os cionn an gnáth-thimthrialla den líon rollaithe bliain i ndiaidh bliana. Ba cheart go mbeadh imthosca den sórt sin gan choinne agus lasmuigh de chumas na scoile freastal ar riachtanais chúraim phríomhúil laistigh de na hacmhainní atá ann cheana.

Cuid 2

Déan achoimre, le do thoil, ar an gcaoi ar ath-implonáíodh tacaíocht CRS sa scoil d'fhonn freastal ar riachtanais shuntasacha cúraim phríomhúil na ndaltaí a bhfuil na leibhéil chúraim is mó acu agus déan tagairt shonrach do:

- An chaoi ar tháinig athrú ar imlonnú na n-acmhainní CRS do mhic léinn a bhfuil riachtanais chúraim laghdaithe acu ó 2020/21 go 2021/22;
- An chaoi ar cuireadh tacaíochtaí eile, mar shampla, tacaíochtaí comhshaoil, nó teicneolaíocht chúnta, i bhfeidhm chun tacú le riachtanais chúraim phríomhúil.

Cuid 3

Tabhair sonraí le do thoil faoi na riachtanais shuntasacha chúraim phríomhúil nach féidir freastal orthu laistigh de leithdháileadh CRS reatha na scoile mar thoradh díreach ar an imthoisc eisceachtúil a tháinig chun cinn.

Ba chóir go ndíreofaí sa chuid seo ar an mbealach a mbraitheann bainistíocht scoile go bhfuil easnamh i dtacaí CRS tagtha chun cinn laistigh den scoil don scoilbhliain 2021/22.

Cuid 4

Deimhnigh le do thoil **líon iomlán** na ndaltaí a bhfuil riachtanais shuntasacha cúraim phríomhúil acu a dteastaíonn tacaíocht ó CRS uathu in 2020/21 agus 2021/22.

Cuid 5

Sonraigh amchláir le haghaidh gach CRS atá ann cheana. Ba cheart go n-áireofaí san amchlár na tascanna cúraim phríomhúil agus thánaistigh, agus aon dualgais eile atá á ndéanamh ag gach CRS sa scoil, lena n-áirítear minicíocht agus am a theastaíonn chun gach tasc a chomhlíonadh. Ba cheart go mbeadh sonraí faoi líon na ndaltaí agus a ngrúpaí ranga ábhartha do gach dalta a fhaigheann tacaíocht san amchlár freisin.